

Tugann cártaí tuairisce deis do mhúinteoirí faisnéis i scríbhinn a roinnt faoi dhul chun chun páistí agus faoina ngnóthachtáil foghlama. Is gné lárnach iad den chumarsáid idir an scoil agus an baile. Cuireann cárta tuairisce rang a 6 dheireadh na bliana a choimre ar fáil d'iarbhunscoileanna freisin faoi dhul chun cinn agus gnóthachtáil foghlama páistí.

BA CHEART GO MBEADH NA NITHE SEO A LEANAS SAN ÁIREAMH AR CHÁRTA TUAIRISCE ...

- Gach faisnéis ábhartha faoi dhul chun cinn agus gnóthachtáil páistí curtha in iúl ar bhealach atá *soiléir* agus *gonta*
- Faisnéis faoin *gcaoi* a bhfoghlaímíonn páiste chomh maith le *céard* a fhoghlaímíonn sé nó sí. Ba cheart go n-aithneodh an fhaisnéis *iomlánaíoch* sin foghlaim reatha páiste, agus í a cheiliúradh, agus na chéad chéimeanna eile d'fhoghlaím sa todhchaí a thabhairt le fios. *Naisc* idir gnóthachtáil páistí, réimsí forbartha agus na gníomhartha a d'fhéadfadh an scoil agus an tuismitheoir/caomhnóir a thabhairt fúthu chun tacú leis na chéad chéimeanna eile
- Faisnéis atá cruinn agus *bunaithe ar fhianaise* a bailíodh thar tréimhse ama agus ar úsáideadh raon modhanna measúnachta chun í a bhailiú. Tá na modhanna measúnachta atá in úsáid go coitianta sa bhunscoil liostáilte in [Measúnacht i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna](#) (CNCM, 2007).
- Faisnéis a thugann aitheantas do *threocht* foghlaim an pháiste i gcaitheamh na bliana
- Faisnéis atá *comhsheasmhach leis an aiseolas* a roinneadh le páistí agus le tuismitheoirí/caomhnóirí i rith na bliana. Dearbhaíonn an cárta tuairisce ar an gcaoi sin a bhfuil ar eolas ag tuismitheoirí/caomhnóirí cheana féin agus cinntíonn sé, mar sin, nár cheart go mbeadh aon ghné den tuairisc ag teacht aniar aduaidh orthu.

BA CHEART DO THRÁCHTA INSINTE I NGINEARÁLTA...

- a bheith comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a bhfuil a choimre uirthi sna scálaí rátála
- díriú ar an méid a foghlaimíodh agus chomh maith is a foghlaimíodh é, an áit a bhfuil feabhas ag teastáil agus ar na chéad chéimeanna eile
- díriú ar bhunteachtairreachtaí seachas a bheith sáinnithe leis an iomarca sonraí
- gan lipéid a chur ar pháistí
- a bheith curtha i láthair i dteanga atá sothuigthe do thuismitheoirí/caomhnóirí. Mar shampla, ba cheart téarmaí speisialta cosúil le 'smaointeoireacht ardoird' a sheachaint.
- a bheith inléite. Nuair a chomhlánaítear cártaí tuairisce ar an ríomhaire, cinntíonn sé go bhfuil an tráchtairacht inléite, agus tacóidh sé freisin le do scoil iad a bhainistiú go leictreonach.

